

**Chomhairle Cathrach agus**

**Contae Phort Láirge**



**Scéim Teanga faoi Airteagal 11**

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Eanáir 2015**

## **Cúlra**

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge. Músclaíonn an mhóreagraíocht seo pobal na hÉireann, tugann sí tuiscint úrnua dúinn ar ár n-oidhreacht luachmhar agus cothaíonn sí meas ionainn ar an gcultúr Gaelach.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.

Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

## **Cúlra:**

De réir suíomh idirlín na Comhairle, tá Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge tiomanta chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar dá custaiméirí. Leis na haidhmeanna a chomhlíonadh, beidh ar an Chomhairle seirbhís iomlán, éifeachtach a chur ar fáil atá ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí Béarla atá ar fáil. Ar a bharr seo, beidh ar an Chomhairle cur in iúl do dhaoine go bhfuil na seirbhísí seo ar fáil, agus cur in a luí aon imní a bheadh ann go mbeadh moill ar soláthar seirbhísí mar gheall ar úsáid na Gaeilge.

Tá roinn moltaí déanta ag Conradh na Gaeilge thíos le scéim a chruthú a bheas ábalta freastail ar mhianta phobal na Gaeilge sa bhealach is éifeachtaí is indéanta.

## **Eolas:**

Is gá go mbeadh eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca le Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge. Gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí bóthair agus poiblí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil trí na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus na meáin leictreonacha. An t-eolas seo a bheith ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.

*Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## **Comhfhreagras:**

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh. Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, litreacha, ríomhphoist, gutháin srl...

Go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.

*Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## **Córas Gutháin:**

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach le Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh an té atá ag gaoch go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge agus go gcuirfí seirbhís éifeachtach ar fáil trí Ghaeilge.

Caithfidh córas a bheith ann chun plé le fiosrúcháin ghutháin i nGaeilge chun a chinntiú go mbeidh seirbhís ar fáil láithreach don té a chuireann gaoch ar aon uimhir ghutháin de chuid na Comhairle. D'fhéadfaí leas a bhaint as uimhir ghutháin faoi leith i gcás fiosrúcháin Gaeilge mar shampla.

Ba chóir a chinntiú:

Go dtabharfaí an leagan Gaeilge den ainm nuair a fhreagraítear an guthán.

Mar shampla :

*‘Dia dhuit, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an féidir liom cabhrú leat?’*

Go mbeadh sé ar chumas an té atá ag freagairt an ghutháin plé le fiosruithe i nGaeilge agus na glaochanna a sheoladh ar aghaidh chuig an mball cuí foirne.

Más córas uathoibríoch atá in úsáid go mbeadh sé seo ar fáil go dátheangach agus nach mbeadh sé socraithe ar bhealach a mbeadh teachtaireacht i mBéarla ar dtús agus gur gá fanacht go dtí an deireadh ar fad don teachtaireacht Ghaeilge.

I gcás córas uathoibríoch is féidir tús a chur leis an teachtaireacht mar seo a leanas:

*‘Dia dhuit, Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, Waterford County and City Council. Brú a haon má tá seirbhís Ghaeilge uait, nó, press two for this service in English’.*

Tá sé fíorthábhachtach go leanfaí leis an dá leagan den tseirbhís.

Is gá go mbeidh gach oibritheoir ar mhalartán na Comhairle inniúil ar a c(h)uid oibre a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla.

Is gá go mbeidh gach fógairt thaifeadta agus gach fógairt chaighdeánach, cibé acu beo nó taifeadta, ar chóras gutháin na Comhairle i nGaeilge nó dátheangach.

*Spríoc: Tús na Scéime*

### **Ríomhphost:**

Ba chóir a chinntiú go mbíonn seirbhís ríomhphoist ar fáil i nGaeilge mar chuid den ghnáth-chomhfhreagras agus freisin go mbeadh leagan dátheangach ar fáil d’aon teachtaireacht uathoibríoch a mbainfear úsáid aisti mar chuid den chóras. Ba chóir go mbeadh an seoladh ríomhphost i nGaeilge agus i mBéarla. Mar shampla, d’fhéadfaí [eolas@portlairge.ie](mailto:eolas@portlairge.ie) agus [info@waterford.ie](mailto:info@waterford.ie) a úsáid. Is féidir na seoltaí a cheangal agus beidh an dá leagan in ann teacht isteach ag an seoladh amháin.

*Spríoc: Tús na Scéime*

### **Suíomh Idirlín:**

An Suíomh Idirlín a bheith dátheangach go hiomlán. I láthair na huaire níl leagan Gaeilge den Suíomh. Ba cheart go mbeadh leagan iomlán Gaeilge den Suíomh ar fáil agus, maidir le preasráitis agus le fógraí poiblí, ba cheart go mbeadh an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Chomh maith leis sin, ba cheart a dhéanamh cinnte de go bhfuil na sínte fada ag obair i

gceart agus go bhfuil an Ghaeilge féin cruinn agus ceart. Cuirimid na moltaí seo a leanas os comhair Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge:

- Leathanach baile a thabharfadh rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Má bhíonn íomhánna ar an leathanach baile molta seo, tá sé tábhachtach nach mbeadh íomhá chathrach nó thuithe ag baint le teanga ar leith chun léiriú go mbaineann gach ceann den dá theanga oifigiúla le pobal na hÉireann ar fad, is cuma cá bhfuil siad.
- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad.
- Óráidí ar an suíomh a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.
- Is gá go gcuirfidh Comhairle Phort Láirge in iúl do gach eagrais, seirbhís agus gnólacht ar a suíomh go gcaithfear seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.
- Seoladh Gaeilge a thabhairt don leagan Gaeilge, mar shampla [www.portlairge.ie](http://www.portlairge.ie) agus gan tosaíocht a thabhairt don leagan Béarla trí [www.waterford.ie/ga](http://www.waterford.ie/ga) a úsáid. Tá sé tábhachtach déileáil leis an dá theanga oifigiúla ar bhonn comhionann.

*Spríoc: Tús na Scéime*

### **Córas Ríomhaireachta:**

Ba chóir a chinntiú go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge. Go háirithe leis na síntí fada. Ba chóir ‘Gaelspell’, ‘Gléacht’ nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid i gComhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, díreach mar atá sa Bhéarla.

*Spríoc: Roimh dheireadh na dara bliana*

### **Foireann:**

1. Go gcuirfí eolas ar fáil don phobal faoin bhfoireann atá ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

Go gcuirfear feachtais agus seimineáir eolais ar bun chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad, mar shampla trí chúrsaí feasacht teanga Chonradh na Gaeilge.

*Spríoc: Tús na Scéime*

2. Go gcuirfí córas oiliúna ar fáil chun a chur ar chumas an chuid eile den fhoireann caighdeán Gaeilge a bhaint amach a chuirfeadh ar a gcumas seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ar a gcompord féin agus ar chompord an chustaiméara. Molaimid ranganna Chonradh na Gaeilge atá curtha in oiriúint don **Teastas Eorpach na Gaeilge** de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ach go háirithe.

Go mbeadh sé seo déanta ag leibhéal ina mbeadh seirbhís i nGaeilge ar fáil gan stró ag clúdach gach réimse d'obair na Comhairle Contae. Tá sé ráite ag an Chomhairle cheánna féin ina a spríocanna do Chúram Custaiméara go bhfuil sé d'aidhm ag an Chomhairle oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne leis na seirbhísí atá ag teastáil ón phobal a chur ar fáil, agus ba chóir go gclúdaíonn sé seo oiliúint le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge fosta.

*Spríoc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

3. Go gcuirfí cumas Gaeilge san áireamh agus foireann á hearcú feasta.

*Spríoc: Tús na Scéime*

Ginearálta: Ní bheidh sé inghlactha go mbeadh ar na baill foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu plé le gach éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, cuma cén rannóg lena bhfuil siad ag obair. Níl sé seo cothrom don bhall foirne agus ní bheidh an réimse eolais acu chun seirbhís chuí a chur ar fáil don saoránach.

4. Go gcoinneofar an Oifigeach Gaeilge reatha sa Chomhairle Contae agus go lonnófaí í in oifig an bhainisteora nó san oifig gnóthaí Corparáideacha. Ní leor í bheith lonnaithe i rannóg na n-ealaíon toisc nach mbaineann comhionannas teanga le cúrsaí ealaíona. Ba cheart Oifigeach Gaeilge a chur ar chomhchém leis an Oifigeach Saorála Faisnéise toisc go mbíonn an tOifigeach sin ag plé le reachtaíocht agus le cúrsaí comhionannais.

*Spríoc: Tús na Scéime*

5. Go mbunófaí Coiste Comhairle Pobail a bhuailfeadh le fostaithe na Comhairle Contae ar bhonn rialta chun dul chun cinn an chomhionannais teanga a phlé agus a scrúdú.

*Spríoc: Tús na Scéime*

## **Soláthar Seirbhísí:**

Go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlána naComhairle Contae a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus ansin plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis sin, go ndéanfaí cinnte go mbeidh gach comhartha san oifig i nGaeilge.

Go mbeadh an tseirbhís seo a leanas, ach go háirithe, á cur ar fáil:

**Oifigí:** Foireann ar fáil i ngach oifig chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge. Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil a chur in iúl don phobal. Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té atá ag lorg seirbhíse i nGaeilge.

*Spríoc: Roimh dheireadh dhara bliain na Scéime*

## **Plé leis an bPobal:**

**Foireann:** Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé le pobail nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís a fháil trí Ghaeilge. Eolas faoi sheirbhís mar seo a phoibliú go forleathan.

**Ócáidí:** Aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó aon ócáid eolais a bhíonn ar siúl a eagrú go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más ceantar Gaeltachta atá i gceist.

*Spríoc: Deireadh na chéad bhliana*

## **Ceantair ina bhfuil Leibhéal Ard Cainteoirí Gaeilge, Eagraíochtaí Gaeilge agus Gaelscoileanna:**

Ba cheart do dtabharfaí aird faoi leith do sholáthar seirbhísí i nGaeilge do dhaoine agus pobail ina bhfuil líon ard cainteoirí Gaeilge. Tá sé tábhachtach tairiscint ghníomhach a thabhairt do na pobail sin le cur in iúl dóibh go bhfuil rogha teanga acu agus go bhfuil fáilte rompu gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an gComhairle. Molaimid go mbainfidh an Chomhairle úsáid as Logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta, faoi mar atá fógartha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

*Spríoc: Tús na Scéime*

## **Oifigí / Foirgnimh:**

Go ndéanfaí soiléir trí chomharthaí, dhearcadh foirne, bheannachtaí agus trí chóras gutháin srl... go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla.

*Sprioc: Tús na Scéime, agus ag cur leis de réir mar a chuirtear le leibhéal na seirbhíse a chuirfear ar fáil i nGaeilge*

## **Ócáidí Poiblí:**

Go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid phoiblí atá á reáchtáil - dátheangach, idir chomharthaí agus chur i láthair, óráidí san áireamh.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## **Fógraíocht:**

Molaimid go ndéanfar an scéim chomhaontaithe a phoibliú go leathan agus go ndéanfar fógraíocht ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Molaimid go gcuirfear isteach siombail nó ráiteas a léiríonn go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge i ngach fógra a fhoilsíonn Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge go dtuigeann an pobal gur féidir an Ghaeilge a úsáid thar na réimsí ar fad den Chomhairle, ní hamháin i ngnóthaí Gaeltachta.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## **Freagracht:**

Go mbunófaí córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéal éagsúla riaracháin chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine atá roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoin Acht Teanga agus faoi Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## **Faireachán agus Athbhreithniú:**

Molaimid go gcoimeádfaidh An Grúpa Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Chomhairle gníomhú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú. Chomh maith leis sin, molaimid go mbeidh an bainisteoir líne i ngach ceann de na rannóga freagrach as feidhmiú na scéime laistigh dá réimse féin, le tacaíocht

ón Oifigeach Gaeilge, agus go ndéanfaidh an bainisteoir seo an fheidhm laethúil mhonatóireachta go príomha.

## **Earcaíocht:**

Is gá féachaint chuige daoine a fhostú ar fhoireann Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge idir acadúil, riaracháin agus sheirbhíse, atá inniúil ar chúraimí a bpost a chomhlíonadh i nGaeilge agus i mBéarla.

(a) Chuige sin, fógrófar ar fhógraí earcaíochta uile Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge go dtabharfar tús áite don iarrthóir dátheangach (Gaeilge/Béarla) ach na cáilíochtaí cuí eile a bheith aige/aici ach go nglactar freisin le hiarratais ó dhaoine gan Ghaeilge a bheidh sásta cur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.

(b) Sa chás is nach gcuireann aon iarrathóir le Gaeilge isteach ar phost ar leith le Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, cuirtear ar atráth na hagallaimh don phost sin ar feadh tréimhse 6 seachtaine, athfhógraítear an post agus tógtar céimeanna cuí eile chun iarrthóirí le Gaeilge a aimsiú agus a mhealladh.

(c) Tionscnófar córas nua ceapacháin lena síneofar conradh sealadach 3 bliana le duine gan Ghaeilge le cur ar a c(h)umas leordhóthain Gaeilge a thabhairt leis nó léi chun cúraimí a p(h)oist a chomhlíonadh trí Ghaeilge. Má éiríonn leis an duine sin sa scrúdú inniúlacht Gaeilge ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, déantar iomlán an ceapachán. Muna n-éiríonn, fógraítear an post arís gan dochar do cheart an iarrthóra ar theip air/uirthi sa scrúdú inniúlacht Gaeilge cur isteach air agus conradh sealadach eile 3 bliana a shíniú le Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge más cuí.

Is gá go rachaidh Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge i mbun taighde gach 3 bliana chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt agus na torthaí a fhoilsiú:-

Maidir le gnóthaí riaracháin na Comhairle Contae le gach oifig sa Chomhairle, agus gach ceann ar leith acu, cén ceann de (i), (ii), (iii), (iv) atá amhlaidh?:-

(i) Tá na seirbhísí a sholáthraíonn sí ar fáil as Gaeilge faoi láthair.

(ii) Níl na seirbhísí a sholáthraíonn sí ar fáil as Gaeilge faoi láthair ach tá leordhóthain Gaeilge ag foireann na Comhairle Contae chun na seirbhísí sin a chur ar fáil as Gaeilge.

(iii) Níl leordhóthain Gaeilge ag foireann na Comhairle Contae chun na seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge ach tá sé/sí/siad sásta an cumas Gaeilge riachtanach a bhaint amach ach an deis a fháil chuige sin.

(iv) Níl leordhóthain Gaeilge ag foireann na Comhairle Contae chun na seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge agus níl siad sásta an cumas Gaeilge riachtanach a bhaint amach. Dá réir sin glacann Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge leis gur gá malairt foirne nó foireann bhreise a cheapadh má tá na seirbhísí sin le cur ar fáil as Gaeilge.



## **Achoimre**

Is cóir a chinntiú gá gurb i nGaeilge nó go dátheangach a bheidh;

(i) fógairtí ó bhéal, cibé acu beo nó taifeadta, uile de chuid Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge;

(ii) ceanteidil stáiseanóireacht Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge;

(iii) comharthaí agus fógráin Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge;

(iv) Suíomh Idirlín Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge go huile agus go hiomlán; agus

(v) aon fhoilseachán eile de chuid Chomhairle Contae agus Cathrach Phort (seachas ábhar teagaisc) atá dírithe ar an phobal i gcoitinne nó ar aicme den phobal i gcoitinne nó atá ar fáil don phobal i gcoitinne nó do aicme den phobal i gcoitinne.

Ciallaíonn “dátheangach” i gcás fógartha ó bhéal, í a bheith i nGaeilge agus i mBéarla an dá leagan ar comhfhad agus an leagan Gaeilge ar dtús.

Ciallaíonn “dátheangach” i gcás ábhar scríofa, é a bheith i nGaeilge agus i mBéarla, an dá leagan ar cóimhéid, iad taobh le taobh, bun le barr, cúl le cúl nó aghaidh ar aghaidh, de réir mar is cuí. Tugtar tosaíocht don leagan Gaeilge .i. bíodh sé os cionn an leagain Bhéarla nó ar a chlé.

Sa chás go bhfuil seirbhís de chuid Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge ar fáil as Gaeilge, cuirtear é sin in iúl go soiléir don phobal le fógraí agus le suaitheantaisí i gcás ball dátheangach foirne.

Ní féidir go leor béime a chur ar thábhacht na tairisceana gníomhaí agus rogha teanga a chur in iúl do chustaiméirí na Comhairle Contae chomh maith le polasaí earcaíochta a thugann tús áite don iarrthóir dátheangach má chomhlíonann sé/sí cáilíochtaí riachtanacha eile an phoist.

---

***Aighneacht ó Chonradh na Gaeilge,***

***6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath.***

***13 Eanáir 2015***